Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 37

# Coimirce Shóisialach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 37 tá dualgas orm, gach bliain, an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus as deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €52.06 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

**Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta**

I rith 2015, d'údaraigh an Roinn Airgeadais an Roinn a bheith faofa maidir le híocaíochtaí chnapshuim phinsinéirí Chriostal Phort Láirge (Waterford Crystal) faoi Alt 48B den Acht Pinsean, 1990. Íocfaidh an Roinn na suimeanna atá dlite, agus cistí á n-úsáid a rinneadh a réamhíoc Lár-Chiste an Státchiste. Tuairiscítear na suimeanna a íocadh sna cuntais Airgeadais.

Chomh maith leis sin, i rith 2015, ghníomhaigh an Roinn mar ghníomhaire íoctha don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RCPRÁ) faoi Alt 5 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014 chun na deontais chaomhnaithe uisce a íoc thar a ceann. Tuairiscítear na suimeanna a íocadh sa chuntas leithreasa do Vóta 20 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Íocaíochtaí a aithint***

Tá na suimeanna siúd i gceist le híocaíochtaí a thagann i gcaitheamh íocaíochta i rith na bliana. Meastar gur tháinig suimeanna i rith íocaíochta sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar tríd An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur gá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead roimh théarma ag custaiméirí in Oifigí Poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí.

Faoi Chinneadh Rialtais dar dáta 24 Samhain 2015 rinneadh foráil d'íocaíocht luath an 31 Nollaig 2015 de phinsin áirithe na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP) agus scéimeanna ábhartha eile dlite roimhe sin ar an 1 Eanáir 2016. Ní aithnítear aon íocaíocht scéime luath mar réamhíocaíochtaí amhail an 31 Nollaig 2015.

***Cóireáil ró-íocaíochtaí a gnóthaíodh***

Cuirtear gnóthú fiachas maidir le ró-íocaíochtaí ginearálta na scéime i gcuntas mar seo a leanas:

- caitear le hairgead tirim agus aisghabhálacha asbhainte i leith na mblianta cuntastaíochta roimhe sin mar ioncam na bliana cuntasaíochta reatha
- déantar airgead tirim augs aisghabhálacha i leith nab liana reatha a ghlanadh in aghaidh an chaiteachais don bhliain chuntasaíochta reatha.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn seo córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe imnheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras ar a éifeachtacht.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíocht Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte AD a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

I ndiaidh easnaimh a shainaithint in iniúchtaí a rinneadh roimhe seo maidir le réiteach chláir shócmhainní agus sócmhainní caipitiúla na Roinne atá á bhforbairt leis an gcuntas leithreasa, bunaíodh grúpa oibre sócmhainne seasta in 2013 chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh chun solais, agus lean an grúpa seo lena gcuid oibre i rith 2015. Dhírigh obair an Ghrúpa seo i dtosach ar na cláir shócmhainní a réiteach leis an gcuntas leithreasa agus tá sé ag díriú anois ar na cláir fhisiciúla. I rith 2015, tugadh faoi fhardail ag 42 de láithreacha na Roinne, agus táthar ag tabhairt faoi fhardal leictreonach shócmhainní TF na Roinne a réiteach ar ais chuig na cláir. Tá réiteach an fhardail leictreonaigh thart ar 40% críochnaithe. Is ionann luch na bhfardal fisiciúil agus leictreonach a réitíodh leis na cláir shócmhainní agus €5 milliún as luach iomlán sócmhainne €348 milliún. Tá réiteach iomlán an fhardail leictreonaigh in ainm is bheith tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2016. Tá fardail fhisiciúla bhreise á bpleanáil. Rinneadh córas barrachódaithe leictreonach, atá le húsáid chun sócmhainní a chlibeáil, a mheasúnú agus táthar in ainm is córas beo a dhéanamh de i lár 2016.

Tugadh córas nua cuntasaíochta fiach agus fáltas (CCFF) isteach sa Roinn i Mí na Samhna 2014. Ceadaíonn an córas taifeadadh agus iontráil uathoibríocha fiach a aisghabhtar ina cuid oifigí áitiúla, óna cuid cuntas bainc fháltais agus trí mheán asbhainte ó íocaíochtaí RCS go custaiméirí.

Ba é an t-iarmhéid féichiúnaí ag 31 Nollaig 2015 ná €467 milliún

- Baineann 377 milliún le suimeanna a íocadh ón Vóta (Féach Nóta 6.1)
- Baineann 900 milliún le scéimeanna a riartar tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS).

Asbhaintear tuairiscí as córas CCFF chun

- luach na n-idirbheart a aithint sa bhliain, m.sh. ró-íocaíochtaí nua a taifeadadh agus suimeanna a aisíocadh agus a díscríobhadh
- Liostáil iarmhéideanna atá gan íoc a tháirgeadh ag deireadh na bliana.

Agus í ag áireamh an t-iarmhéid féichiúnaí ag 31 Nollaig 2015, thug an Roinn difear faoi deara de €515,000 idir an t-iarmhéid deiridh a áiríodh trí thagairt a dhéanamh do na tuairiscí ó CCFF faoi na hidirbhearta sa chuntas sa bhliain, agus liostáil féichiúnaí dheireadh na bliana.

Ina theannta sin, ba é an méid fiach a aisíocadh, faoi mar a taifeadadh ar chóras cuntasaíochta na RCS ná €78.7 milliún, agus ba é an méid a taifeadadh ar CCFF ná €79.8 milliún, sin difear de €1.1 milliún; baineann €827,000 de sin leis an Vóta agus baineann €287,000 leis an CÁS. Ar mhaithe le faisnéis fhéichiúnaí a chur i láthair i nóta 6.1, úsáidtear an méid a aisghabhadh de réir córas cuntasaíochta na RCS.

Bailíonn oifigí áitiúla airgead agus taifeadann siad sin ar CCFF mar airgead ar láimh go dtí gur taisceadh é. Comhlánaíonn na hoifigí áitiúla tuairisc ar bhonn míosúil i dtaca leis an tsuim airgid thirim atá ina seilbh. Bhí neamhréiteach i gceist de €54,494 ag 31 Nollaig 2015 idir tuairisc na n-oifigí áitiúla a thaispeáin airgead ar láimh ar luach €68,330 i gcomparáid leis an gcóras cuntasaíochta a thaispeáin luach an airgid ar láimh mar €122,824.

Tá an Roinn ag obair chun an neamhréiteach a gcuirtear síos air thuas a réiteach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas

- sannadh freagraíochtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na dísciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Tá an Roinn comhlíontach, seachas i gcás 6 chonradh ar luach €0.6 milliún nach raibh faoi réir próiseas soláthair iomaíoch. Tharla na heisceachtaí seo ar chúiseanna leanúnachas gnó.

In 3 as 6 de na cásanna, tá na soláthairtí oscailte tugtha chun críche idir an dá linn agus rinneadh conarthaí a dhámhachtain. In 2 chás eile, tá an RCS ag oibriú leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) go rachfar i ngleic le riachtanais na RCS mar chuid de chreat-chomhaontuithe an OSR a bhí sceidealaithe lena soláthar in Ráithe 1 2016. Síneadh ar chonradh aonair tairisceana a bhí sa chonradh deiridh le haghaidh comhairle speisialaithe achtúireach ar 100% de bhunluach an chonartha. Cuirtear sonraí faoi gach ceann de na conarthaí seo i dtuairisceán bliantúil 40/2002 na Roinne leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Cuireann an cuntas leithreasa gach ceann de shócmhainní agus de dhliteanais Vóta 37 i gcuntas, mar aon le nótaí mínitheacha agus iarmhéideanna a cheadaíonn measúnú ar riosca airgeadais an 31 Nollaig 2015. Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann maidir le sócmhainní nó dliteanais theagmhasacha nach nochtar sa chuntas.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá n-obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a bpleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Niamh O’Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí
27 Meán Fómhair 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Coimirce Shóisialach. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Rialtacht an chaiteachais***

Baineann Caibidil 9 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2015 le híocaíochtaí leasa teidlíochta sáraithe atá san áireamh i gcuntas 2015 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ábhartha.

***Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh***

Baineann Caibidil 10 de mo thuarascáil le cuntais na seirbhísí poiblí do 2015 le feidhmiú céimneach chárta na seirbhísí poiblí.

**Seamus MacCártaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2016

# Vóta 37 Coimirce Shóisialach
## Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| **Scéimeanna árachais shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Riarachán | | | | | |
| | *Bunaidh* | 523,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (24,000) | 499,800 | 490,268 | 470,372 |
| Pinsin | | | | | |
| | *Bunaidh* | 941,620 | | | |
| | *Forlíontach* | 32,760 | 974,380 | 972,206 | 954,411 |
| Aois Oibre – tacaíochtaí ioncaim | | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,446,595 | | | |
| | *Forlíontach* | 209,895 | 3,656,490 | 3,670,246 | 4,053,150 |
| Aois Oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,079,740 | | | |
| | *Forlíontach* | (11,162) | 1,068,578 | 1,066,525 | 1,025,378 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,083,115 | | | |
| | *Forlíontach* | 55,135 | 2,138,250 | 2,153,132 | 2,041,232 |
| Leanaí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,410,025 | | | |
| | *Forlíontach* | 33,305 | 2,443,330 | 2,444,454 | 2,264,756 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 655,478 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,452 | 670,930 | 669,848 | 720,155 |
| Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | | 179,880 | 119,074 | 541,798 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,320,253 | | | |
| | *Forlíontach* | 311,385 | | | |
| | | | **11,631,638** | **11,585,753** | **12,071,252** |
| *Lúide* | | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 251,990 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,385 | | | |
| | | | **264,375** | **270,552** | **252,543** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,068,263 | | | |
| | *Forlíontach* | 299,000 | | | |
| | | | **11,367,263** | **11,315,201** | **11,818,709** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le forghéilleadh | 52,061,869 | 38,190,523 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i. Tuarastail, pánna agus liúntais | | | | |
| *Bunaidh* | 308,070 | | | |
| *Forlíontach* | (3,000) | 305,070 | 303,335 | 297,315 |
| ii. Taisteal agus cothabháil | | | | |
| *Bunaidh* | 4,975 | | | |
| *Forlíontach* | (600) | 4,375 | 4,283 | 4,453 |
| iii. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | |
| *Bunaidh* | 13,590 | | | |
| *Forlíontach* | (6,000) | 7,590 | 5,624 | 4,745 |
| iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| *Bunaidh* | 21,000 | | | |
| *Forlíontach* | (1,000) | 20,000 | 17,843 | 19,195 |
| v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 35,201 | 35,469 | 32,813 |
| vi. Costais áitreabh na hoifige | | | | |
| *Bunaidh* | 43,220 | | | |
| *Forlíontach* | (1,400) | 41,820 | 41,703 | 32,839 |
| vii. Seirbhísí comhairleoireachta | | 1,975 | 493 | 1,327 |
| viii. Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta | | | | |
| *Bunaidh* | 86,349 | | | |
| *Forlíontach* | (12,000) | 74,349 | 72,725 | 70,941 |
| ix. Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | | 9,420 | 8,793 | 6,744 |
| | | **499,800** | **490,268** | **470,372** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2015

| | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 11,095,485 | 11,600,880 |
| Pá | | 303,335 | 297,315 |
| Neamhphá | | 186,933 | 173,057 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,585,753** | **12,071,252** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **270,552** | **252,543** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,315,201** | **11,818,709** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannach airgead tirim | (7,609) | | |
| Dímheas | 14,016 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 52 | 6,459 | (1,116) |
| **Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (8,872) | (5,179) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (19,139) | | |
| Méadú ar stoc | (206) | | |
| | | (19,345) | (11,609) |
| **Caiteachas díreach** | | **11,293,443** | **11,800,805** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 49,815 | 43,369 |
| Measchíosanna | | 10,927 | 10,377 |
| **Glanchostas clár** | | **11,354,185** | **11,854,551** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 557 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 35,074 | 31,959 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 13,910 | 11,262 |
| Vóta 20 An Gharda Síochána | m | 245 | 91 |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | m | 29 | 27 |
| | | 49,815 | 43,369 |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó gur costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 60,710 | 56,749 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.3 | 19,799 | 20,163 |
| | | **80,509** | **76,912** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 653 | 447 |
| Réamhíocaíochtaí | | 69,367 | 67,300 |
| Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh[1] | | 239,788 | 228,862 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 146,664 | 67,795 |
| **Sócmhainní iomlána reata** | | **456,472** | **364,404** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| An banc agus airgead tirim | 2.4 | 343,314 | 300,828 |
| Costais fhabhraithe | | 54,802 | 71,874 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 12,909 | 19,392 |
| Glandliteanas chuig an Státchiste | 2.8 | 30,229 | (23,563) |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **441,254** | **368,531** |
| **Glanldliteanais Reatha** | | 15,218 | (4,127) |
| **Glansócmhainní** | | **95,727** | **72,785** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.1 | **95,727** | **72,785** |

[1] Léiríonn seo réamhíocaíochtaí ó Vóta 37 le cuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (SIF) nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 72,785 | 54,305 |
| Coigeartú | 2.3 | | 1,184 | 576 |
| Íocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 11,367,263 | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (52,062) | | |
| Glanvóta | | | 11,315,201 | 11,818,709 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 49,815 | 43,369 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 10,927 | 10,377 |
| Glanchostas clár | 1 | | (11,354,185) | (11,854,551) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **95,727** | **72,785** |

**2.2 Sócmhainní Caipitúla**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 294,968 | 35,089 | 330,057 |
| Breisiúcháin | 16,510 | 1,519 | 18,029 |
| Diúscairtí | (53) | (271) | (324) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 311,425 | 36,337 | 347,762 |
| **Dímheas carnach** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 244,266 | 29,042 | 273,308 |
| Dímheas don bhliain | 12,528 | 1,488 | 14,016 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (53) | (219) | (272) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | 256,741 | 30,311 | 287,052 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | 54,684 | 6,026 | 60,710 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **50,702** | **6,047** | **56,749** |

**2.3 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt**

| amhail an 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaire intí |
|---|---|
| | **€000** |
| Suimeanna a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir 2015 | 20,163 |
| Coigeartú[1] | 1,184 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain[2] | 8,872 |
| Arna aistriú chuig an gclár sócmhainní | (10,420) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | 19,799 |

[1] Baineann coigeartú le híocaíochtaí airgid thirim i mblianta roimhe seo chun feidhmchláir ríomhaire a fhorbairt nár cuireadh san áireamh i sócmhainní caipitil faoi fhorbairt.

[2] Ní áirítear bogearraí forbartha intí le híocaíochtaí airgid atá forbartha go hiomlán i rith na bliana. Cuirtear na híocaíochtaí siúd san áireamh i mbreisiúcháin sócmhainn chaipitil.

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| amhail an 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamh-iarmhéideanna An Post | 99,003 | 161,919 |
| Iarmhéideanna PMG (rótharraingt) | (448,557) | (476,506) |
| Bainc thráchtála agus airgead tirim | 6,240 | 13,759 |
| | (343,314) | (300,828) |

Tá cuntais An Post réamhchistithe ag Vóta 37 agus ag an CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2015, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus an SIF agus €196,105,089. B'ionann an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2014 agus €245,745,465.

**2.5 Stoic**

| amhail an 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páioéarachas | 615 | 402 |
| Tomhaltáin TF | 38 | 45 |
| | 653 | 447 |

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| amhail an 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le An Post ar chaiteachas postais | 1,007 | 1,209 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 309 | 1,218 |
| Réamhíocaíochtaí le Pobal | 8,122 | 8,780 |
| Réamhíocaíochtaí scéime[1] | — | 37,233 |
| Fionraí fiachais eile | 2,245 | 13,250 |
| Dlite ón gCiste Árachais Shóisialaigh (SIF) maidir le scéimeanna SIF[2] | 134,981 | 6,105 |
| | 146,664 | 67,795 |

[1] Faoi Chinneadh Rialtais dar dáta an 24 Samhain 2015, rinneadh foráil d'íocaíocht rinneadh foráil d'íocaíocht luath an 31 Nollaig 2015 de phinsin áirithe na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP) agus scéimeanna ábhartha eile dlite roimhe sin ar an 1 Eanáir 2016. De réir rialacha Cuntasaíochta an Rialtais aithnítear an caiteachas seo sa bhliain chuntais 2015. Ní aithnítear aon íocaíocht scéime luath mar réamhíocaíochtaí amhail an 31 Nollaig 2015.

[2] Rinneadh aistriú €120 milliún ó chuntas CÁS an PMG chuig banc tráchtála an CÁS a tharraingt gan chuimhneamh ó chuntas PMG an Vóta i Nollaig 2015, a chruthaigh Vóta inmheánach agus iarmhéid CÁS ag deireadh na bliana. Rinneadh an t-iarmhéid a cheartú in Eanáir 2016.

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

| amhail an 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna a bhí dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,718 | 2,731 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 827 | 632 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 2,300 | 1,839 |
| Cáin Bhreisluacha Idirstáit | 82 | 19 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinníonn Cáin | 605 | 439 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil[1] | 23 | 144 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 6 | 4 |
| | 7,561 | 5,808 |
| Asbhaintí párolla | 3,590 | 2,875 |
| Dlite do SIF maidir le scéimeanna Vóta | 125 | 8,802 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 1,633 | 1,907 |
| | 12,909 | 19,392 |

[1] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an DSP a ordú chun asbhaintí a dhéanamh ó roinnt íocaíochtaí scéime maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as Cáin Mhaoine Áitiúil.

Déanann an DSP asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastail foirne maidir leis an gcáin. Cuireadh tús leis na hasbhaintí seo in 2013 agus íoctar iad leis na Coimisinéirí Ioncaim sa mhí i ndiaidh na hasbhainte.

In 2015, íocadh suim €17,576 leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le 2014 a fágadh as an áireamh gan chuimhneamh ó iarmhéid 2014 €144,000.

**2.8 An Glanchistiú Státchiste dlite**

| amhail an 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le forghéilleadh | 52,062 | 38,191 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (21,833) | (61,754) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 30,229 | (23,563) |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 386,452 | 296,657 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| An banc agus airgead tirim | (343,314) | (300,828) |
| Dlite don Stát | (7,561) | (5,808) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (5,348) | (13,584) |
| | (356,223) | (320,220) |
| | 30,229 | (23,563) |

**2.9 Ceangaltais**

| amhail an 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 52,654 | 43,038 |

**Ceangaltais Ilbhliantúla Chaipitiúla**

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2014 | Caiteachas in 2015 | Tiomantais tionscadail sna blianta ina dhiaidh | Saolré caiteachais ionchais iomlán an Tionscadail 2015 | Saolré caiteachais ionchais iomlán an Tionscadail 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cárta Seirbhísí Poiblí[1] | 16,358 | 5,186 | 9,271 | 30,815 | 27,797 |
| Tionscadal Nuachóirithe na hOifige Áitiúla[2] | 6,866 | 838 | 680 | 8,384 | 8,384 |

[1] Ní bhaineann na figiúirí caiteachais do 2015 agus do na blianta roimhe sin ach do cheangaltais a bheas ina gceangal dlí sa todhchaí do Chárta na Seirbhísí Poiblí. Tá an tionscadal leathnaithe go dtí deireadh 2017. Tharla an méadú i gcostas measta an tionscadail de thoradh ar shíneadh an chonartha, costais ghníomhachtúcháin do 2016 agus iarratais riachtanacha athraithe a fágadh ar lár roimhe seo.

[2] Ní bhaineann na figiúirí caiteachais do 2015 agus do na blianta roimhe sin ach do cheangaltais a bheas ina gceangal dlí sa todhchaí do Thionscadal Nuachóirithe na hOifige Áitiúla.

Déantar tuairisciú ar cheangaltais chaipitil nuair a sháraíonn an caitheamh ionchasach an tairseach €6.35 milliún. Sháraigh caiteachas ar an tionscadal seo a fhad leis an 31 Nollaig 2014 an tairseach seo ach rinneadh é a fhágáil as an áireamh gan chuimhneamh ó chuntas leithreasa 2014. Tá an tionscadal curtha san áireamh anois agus is ionann an caiteachas do gach bliain a fhad leis an 31 Nollaig 2015 agus €7.7 milliún.

**2.10 Dliteanais Aibithe**

| an 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán na ndliteanas aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 195 | 20 |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

**A. Scéimeanna Árachais Shóisialaigh, Seirbhísí, Riarachán agus Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh**

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 308,070 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | 305,070 | 303,335 | 297,315 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 215,730 | | | |
| | | *Forlíontach* | (21,000) | 194,730 | 186,933 | 173,057 |
| **Pinsin** | | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 941,620 | | | |
| | | *Forlíontach* | 32,760 | 974,380 | 972,206 | 954,411 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,607,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 120,110 | 2,728,010 | 2,742,505 | 2,923,291 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 607,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 63,200 | 670,800 | 670,564 | 867,307 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,190 | | | |
| | | *Forlíontach* | (570) | 15,620 | 15,865 | 16,464 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 270 | 2,170 | 2,132 | 2,504 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach[1] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 70,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 24,380 | 94,580 | 91,729 | 81,718 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 88,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,710) | 86,990 | 88,487 | 93,632 |
| A.10 | Liúntas Réamhscoir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,520 | 16,220 | 16,268 | 24,319 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim[1] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 39,405 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,695 | 42,100 | 42,696 | 43,915 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 373,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (10,000) | 363,300 | 364,991 | 359,474 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | | 45,000 | 44,105 | 43,762 |

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.14 | Tús – Scéim Socrúchán Oibre Pobail | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 112,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,975 | 119,675 | 124,576 | 116,052 |
| A.15 | Tionscnaimh phost | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 365 | 21,565 | 21,698 | 23,364 |
| A.16 | Clár Seirbhísí Pobail | | | 45,110 | 42,730 | 43,028 |
| A.17 | An Liúntas um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 123,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,360 | 128,660 | 129,037 | 118,825 |
| A.18 | JobBridge – An Scéim Intéirneachta Náisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 77,210 | | | |
| | | *Forlíontach* | (14,140) | 63,070 | 63,489 | 76,030 |
| A.19 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | 146,600 | 143,965 | 162,450 |
| A.20 | Gateway[2] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 22,375 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,305 | 31,680 | 29,543 | 7,576 |
| A.21 | An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 22,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,350) | 14,650 | 14,422 | — |
| A.22 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta[2] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 90,945 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,677) | 89,268 | 87,969 | 74,817 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | | |
| A.23 | Liúntas Míchumais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,267,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,030 | 1,278,930 | 1,281,589 | 1,238,310 |
| A.24 | Pinsean na nDall | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,115 | | | |
| | | *Forlíontach* | 305 | 14,420 | 14,379 | 14,428 |
| A.25 | Liúntas Cúramóra | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 564,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 34,740 | 599,040 | 611,139 | 559,325 |
| A.26 | Liúntas Cúram Baile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 112,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,660 | 121,260 | 120,882 | 110,669 |
| A.27 | Deontas Cúram Faoisimh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 124,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 400 | 124,600 | 125,143 | 118,500 |
| **Leanaí** | | | | | | |
| A.28 | Sochar Linbh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,971,965 | | | |
| | | *Forlíontach* | 18,510 | 1,990,475 | 1,990,299 | 1,902,353 |
| A.29 | Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 349,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 17,540 | 366,740 | 367,872 | 297,907 |
| A.30 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 44,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,150) | 41,150 | 41,342 | 42,452 |

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.31 | Scéimeanna Béilí Scoile | | | 39,000 | 38,777 | 16,572 |
| A.32 | Íocaíochtaí Eile a bhaineann le Leanaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,560 | | | |
| | | *Forlíontach* | 405 | 5,965 | 6,164 | 5,472 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | |
| A.33 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 298,415 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,585 | 310,000 | 311,059 | 338,203 |
| A.34 | Forlíonadh Ús Morgáiste | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 11,930 | | | |
| | | *Forlíontach* | (580) | 11,350 | 11,922 | 20,878 |
| A.35 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 87,260 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,008) | 85,252 | 74,932 | 88,481 |
| A.36 | Saorthaisteal | | | 77,000 | 75,244 | 75,487 |
| A.37 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 123,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,100 | 133,300 | 143,797 | 147,869 |
| A.38 | Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | 46,013 | 46,000 | 45,000 |
| A.39 | Oifig an Ombudsman do Phinsin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,074 | | | |
| | | *Forlíontach* | (191) | 883 | 877 | 935 |
| A.40 | Seirbhísí Ilgnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,586 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,454) | 7,132 | 6,017 | 3,302 |
| **Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| A.41 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005 | | | 179,880 | 119,074 | 541,798 |
| **Iomlán** | | | | **11,631,638** | **11,585,753** | **12,071,252** |

[1] Sa bhliain 2014 iompraíodh an caiteachas do Liúntas Soláthar Dhíreach (DPA) faoi fhotheideal (A.8) Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach. Anois is faoi fhotheideal (A.11) Aois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim a iompraítear caiteachas DPA.

[2] Sa bhliain 2014 iompraíodh caiteachas (A.20) Gateway faoi fhotheideal (A.22) Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta.

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas €45.9 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón meastachán bunúil de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 25% i gcás fotheidil riaracháin agus 5% i gcás gach fotheidil eile.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| **Riarachán** | | |
| Caiteachais oiliúna agus forbartha agus costais theagmhasacha (A.2 iii) | 1,966 | Bhí an caiteachas maidir le costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha €7.97 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.<br><br>Áiríodh leis an meastachán soláthar meastacháin (€5.6 milliún) don bhliain 2015 nár theastaigh a cheadaigh laghdú forlíontach meastacháin €6 milliún.<br><br>Chomh maith leis sin, baineadh coigiltí amach chomh maith i rith na bliana ar fhógraíocht, oiliúint foirne, táillí dlí agus fruiliú seomra. Úsáideadh an choigilt chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| Seirbhísí comhairleoireachta (A.2.vii) | 1,482 | Bhí caiteachas ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta ní b'ísle ná mar a measadh i ngeall ar an méid a leanas<br>(i) níor eascair caiteachas a rinneadh a phróifíliú, agus<br>(ii) i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar gach conradh faoinar thug an Coiste Rialachas Tionscadail, rinneadh roinnt conarthaí a athshannadh don fhotheideal 'Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF' mar gheall gur measadh gurbh ní ba chuí dó seo.<br><br>Úsáideadh an choigilt chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist (A.4) | (14,495) | Bhí caiteachas maidir le Liúntas Cuardaitheora Poist €134.605 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €77.1 milliún mar gheall ar líon níos airde d'fhaighteoirí (264,070) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (256,500).<br>(ii) €46.7 milliún mar thoradh ar mheánluachanna ní b'airde íocaíochta (€199.20) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (€195. 81) a raibh €31 milliún de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán.<br>(iii) €10.5 milliún i ngeall ar íocaíochtaí a thabhairt anonn ar gnách iad a íoc ar an Aoine, an 1 Eanáir 2016 go dtí Déardaoin, an 31 Nollaig 2015.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €120.11 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun an t-easnamh breise €14.495 milliún a chistiú. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Íocaíoch Teaghlach Aontuismitheora (A.5) | 236 | Bhí caiteachas maidir le hÍocaíocht Teaghlach Aontuismitheora €62.964 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €39.6 milliún mar gheall ar líonta níos airde d'fhaighteoirí (55,420) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (52,000).<br>(ii) €16.9 milliún ní b'airde mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta ní b'airde (€224.76) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (€218.99) a raibh €8.4 milliún de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán bunúil.<br>(iii) Bhí €5.5 milliún mar thoradh ar aistrithe coigeartuithe ní b'airde idirscéime ó fhotheidil eile a soláthraíodh sa mheastachán bunúil. Léiríonn coigeartú idirscéime atreorú caiteachas scéime a íocadh cheana féin idir fotheidil chaiteachais nó idir caiteachas Vóta agus CÁS, i ndiaidh an bhreithiúnais deiridh ar theidlíocht chustaiméirí.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €63.2 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh an choigilt €0.2 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| Liúntas Banchéile Thréigthe (A.7) | 38 | Bhí an caiteachas maidir le Liúntas Banchéile Thréigthe<br><br>€0.2 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí an róchaitheamh €0.2 milliún seo mar gheall ar líonta ní b'airde d'fhaighteoirí (224 sa tseachtain) agus luachanna ní b'airde ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (200 sa tseachtain) a raibh thart ar €4,000 de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán bunúil.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €0.3 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh an choigilt thart ar €38,000 chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach (A.8) | 2,851 | Bhí caiteachas maidir le hÍocaíochtaí Liúntas Leasa Fhorlíontaigh €21.529 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €15.3 milliún mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta ní b'airde (€188.62) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (€170.06) a raibh €0.5 milliún de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán bunúil.<br>(ii) €24.2 milliún i ngeall ar ní ba lú aistrithe coigeartuithe idirscéime chuig fotheidil eile ná mar a soláthraíodh sa mheastachán bunúil.<br>(iii) Rinneadh an farasbarr a sheach-chur ag coigiltí €18.5 milliún ó líon ní b'ísle d'fhaighteoirí íocaíochta (15,600) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán bunúil (17,670).<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €24.38 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh an choigilt €2.851 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Liúntas Réamhscoir (A.10) | (48) | Bhí caiteachas maidir le Liúntas Réamhscoir €1.568 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €2.1 milliún mar gheall ar líonta níos airde d'fhaighteoirí (1,490) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (1,300).<br>(ii) Seach-churtha ag €0.6 milliún i laghdú ar mheánluachanna íocaíochta (€207.92) i gcomparáid leis sin a soláthraíodh sa mheastachán (€215.37).<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €1.52 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal ar an easnamh breise thart ar €48,000. |
| Aois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim (A.11) | (596) | Bhí caiteachas maidir le hAois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim €3.291 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:<br>(i) €3 milliún a d'eascair ó mheánluachanna íocaíochta ní b'airde (€314.05) le haghaidh Íocaíochtaí Eisceachtúla agus ar Riachtanais Phráinneacha i gcomparáid leis sin a soláthraíodh sa mheastachán (€285.15) ar 98,700 íocaíocht.<br>(ii) €0.25 milliún mar gheall ar líonta ní b'airde d'fhaighteoirí (2,350) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (2,050) le haghaidh íocaíochtaí Liúntas Soláthair Dhírigh.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €2.695 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal ar an easnamh breise €0.6 milliún. |
| **Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | |
| Tus – Scéim Socrúchán Obair Phobail (A.14) | (4,901) | Bhí caiteachas maidir le Tus - Scéim Socrúchán Obair Phobail €11.876 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €9.0 milliún mar gheall ar líonta ní b'airde d'fhaighteoirí (7,870) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (7,250).<br>(ii) €2.1 milliún mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta ní b'airde, raibh €1.6 milliún de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán bunúil.<br>(iii) €0.8 milliún mar gheall ar chostais ábhartha agus táillí seirbhíse ní b'airde ná mar a soláthraíodh sa mheastachán bunúil.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €6.975 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal ar an easnamh breise €4.901 milliún. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár Seirbhísí Pobail (A.16) | 2,380 | Bhí an caiteachas maidir leis an gClár Seirbhísí Pobail €2.38 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh sa mheastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) Laghdú ar an líon cuideachtaí a raibh cistiú á fháil acu anuas ó 425 (2014) go dtí 398 amhail Nollaig 2015.<br>(ii) Laghdú ar dhámhachtainí cistithe ar thionscadail áirithe reatha níos inbhuanaithe ar luachanna conartha ní b'ísle.<br>(iii) Laghdú ar an líon deontais Choibhéise Lánaimseartha (CLA) a rinneadh a dhámhachtain anuas ó 1,723 i lár 2014 go dtí 1,665 i Nollaig 2015.<br><br>Úsáideadh an choigilt €2.38 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| JobBridge – an Scéim Intéirneachta Náisiúnta (A.18) | (419) | Bhí an caiteachas maidir leis an Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge €13.721 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.<br><br>D'eascair an tearc-chaitheamh i ngeall go raibh an líon faighteoirí (5,105) ní b'ísle ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (6,200).<br><br>Úsáideadh meastachán forlíontach de chistiú €14.4 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal ar easnamh €419,000 a tháinig aníos ina dhiaidh sin. |
| Gateway (A.20) | 2,137 | Bhí an caiteachas maidir le Gateway €7.168 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh sa mheastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €5.8 milliún mar gheall ar líonta ní b'airde d'fhaighteoirí seachtainiúla (2,130) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (1,690).<br>(ii) €1.3 milliún mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta ní b'airde – ghlac sé roinnt ama chun líonta na bhfaighteoirí agus na meánluachanna íocaíochta a thuar do scéim nua ina ndearnadh na chéad íocaíochtaí a íoc i Nollaig 2013.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €9.305 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh an choigilt €2.137 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair (A.21) | 228 | Bhí caiteachas maidir leis an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair €7.578 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.<br><br>D'eascair an tearc-chaitheamh mar gheall gur scéim nua a bhí inti a fógraíodh i mBuiséad 2015 agus a tugadh isteach i mBealtaine 2015, agus, ar an ábhar sin, ba dheacair tuar cruinn a dhéanamh gan anailís ar threocht chaiteachais a bheith déanta.<br><br>Úsáideadh meastachán forlíontach de choigilt €7.35 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. Úsáideadh coigilt bhreise €0.2 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Cúramóra (A.25) | (12,099) | Bhí caiteachas maidir le Liúntas Cúramóra €46.839 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:<br>(i) €24.1 milliún mar gheall ar líonta ní b'airde d'fhaighteoirí (61,010) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (58,500).<br>(ii) €17 milliún mar thoradh ar mheánluachanna ní b'airde íocaíochta (€186.90) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (€181.62) a raibh €8.4 milliún de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán.<br>(iii) Bhí €5.7 milliún mar thoradh ar thosca eile, ina measc aistrithe coigeartaithe idirscéime ó fhotheidil eile a bhí ní b'airde ná mar a soláthraíodh sa mheastachán bunúil.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €34.74 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal ar an easnamh breise €12.099 milliún. |
| Liúntas Cúram Baile (A.26) | 378 | Bhí caiteachas maidir le Liúntas Cúram Baile €8.282 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €2.4 milliún mar gheall ar líonta ní b'airde d'fhaighteoirí míosúla (28,100) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (27,500).<br>(ii) €5.8 milliún mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta míosúla ní b'airde (€358.08) ná mar a soláthraíodh sa mheastachán (€341.21) a raibh €1.7 milliún de chun Bónas na Nollag a íoc nach ndearnadh a sholáthar sa mheastachán bunúil.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €8.66 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh an choigilt €0.4 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| **Leanaí** | | |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (A.29) | (1,132) | Bhí caiteachas maidir le Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh €18.672 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí meánluachanna íocaíochta ní b'airde (€132.22) ná mar a ndearnadh soláthar dóibh sa mheastachán (€125.38) mar thoradh ar an róchaitheamh.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €17.54 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun an t-easnamh breise €1.132 milliún a chistiú. |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil (A.30) | (192) | Bhí an caiteachas maidir leis an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain nua €2.958 milliún níos ísle ná an bunmheastachán.<br><br>Tharla sin go príomha mar gheall ar na rudaí seo a leanas<br>(i) €2.7 milliún mar gheall ar líon faighteoirí (159,960) a bhí níos ísle ná a soláthraíodh sa mheastachán (170,300).<br>(ii) €0.3 milliún mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta níos ísle (€258.51) ná a soláthraíodh sa mheastachán (€260.13).<br><br>Úsáideadh meastachán forlíontach de €3.15 milliún de mhaoiniú chun caiteachas iomarcach a mhaoiniú ar fho-cheannteidil eile. Aistríodh maoiniú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal a dhéanamh ar ghannchion ina dhiaidh sin ar luach €0.2 milliún. |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí (A.32) | (199) | Bhí caiteachas maidir le hÍocaíochtaí a bhaineann le Leanaí €0.6 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>B'éard ba chúis, go príomha, leis an róchaitheamh ná caiteachas breise €0.5 milliún ar Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach) ar bhain €0.3 milliún de le meánluachanna íocaíochta ní b'airde agus ar bhain €0.1 milliún leis mar gheall ar íocaíochtaí a bhí dlite a thabhairt anonn Dé hAoine, an 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2015.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €0.4 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun an t-easnamh breise €0.2 milliún a chistiú. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh (A.35) | 10,320 | Bhí caiteachas maidir leis an bPacáiste Sochair Teaghlaigh €12.328 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas<br><br>Íoctar Sochair Teaghlaigh (ST), chomh maith, mar íocaíochtaí forlíontacha le daoine a bhfuil Pinsin a bhaineann leis an CÁS á bhfáil acu. Cé go raibh caiteachas ST Vóta 37 €12.3 milliún faoi bhun an mheastacháin, rinne róchaitheamh €6.1 milliún ar ST CÁS é seo a sheach-chur. Ar an iomlán, b'ionann an comhthoradh chaiteachais ar ST (Vóta 37 agus an CÁS) agus €6.2 milliún (2.7%) faoi bhun an mheastacháin.<br><br>Úsáideadh meastachán forlíontach de choigilt €2.008 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. Rinneadh an choigilt €10.32 milliún a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun caiteachas breise ar fhotheidil eile a chistiú. |
| Liúntas Breosla (A.37) | (10,497) | Bhí caiteachas maidir le Liúntas Breosla €20.597 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €15.5 milliún mar gheall ar líon ní b'airde d'fhaighteoirí (271,400) ná mar a foráladh dó sa mheastachán bunúil.<br>(ii) €5 milliún i ngeall ar íocaíochtaí a thabhairt anonn Dé hAoine, an 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2015.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €10.1 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Rinneadh cistiú breise a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun freastal ar an easnamh breise €10.497 milliún. |
| Oifig an Ombudsman do Phinsin (A.39) | 6 | Bhí caiteachas maidir le hOifig an Ombudsman do Phinsin €0.2 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí an tearc-chaitheamh mar thoradh ar chaiteachas nís lú (thart ar €197,000) ar thuarastail, b'ionann an meastachán bunúil agus €0.55 milliún agus b'ionann an toradh agus €0.35 milliún.<br><br>Úsáideadh meastachán forlíontach de choigilt €0.2 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. Aistríodh an choigilt thart ar €6,000 chuig áiteanna eile sa Vóta chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí ilghnéitheacha (A.40) | 1,115 | Bhí an caiteachas maidir le Seirbhísí Ilghnéitheacha €4.56 9 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas<br>(i) €3.5 milliún i ngeall nach raibh oibríochtaí Cúnamh Bia i bhfeidhm don bhliain 2015. Dúnadh an próiseas iarratais ar an gciste ag deireadh Shamhain 2015 agus thit breithmheas amach ansin i Ráithe 1 2016.<br>(ii) €0.5 milliún mar gheall ar líonta ní b'ísle d'fhaighteoirí (259) ná mar a soláthraíodh sna meastacháin (304) d'íocaíochtaí ex-gratia le mná ó Neachtlanna Magdalen agus institiúidí eile.<br>(iii) Caitheadh €0.6 milliún ní ba lú ar oiliúint a chur ar chúramóirí i limistéir faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta – braitheann an scéim tionscnaimh Chúramóirí ar chomhoibriú le Pobal agus ar chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Fuarthas €0.9 milliún ó Chiste na gCuntas Díomhaoin i Nollaig 2015.<br><br>Úsáideadh meastachán forlíontach de chistiú €3.454 milliún chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. Rinneadh an choigilt €1.115 milliún a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun caiteachas breise ar fhotheidil eile a chistiú. |
| **Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | |
| Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (A.41) | 60,806 | Bhí caiteachas ar an bhFóirdheontas leis an gCiste árachais €60.806 milliún ní b'ísle ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:<br>(i) €262.3 milliún mar gheall ar Ioncam Árachais Shóisialaigh ó fháltais ÁSPC ní b'airde.<br>(ii) Seach-churtha ag caiteachas ní b'airde €201.5 milliún ar scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh, ina measc:<br>• €96.1 milliún i ngeall ar íocaíochtaí a thabhairt anonn idir Dé hAoine, an 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2015.<br>• €95 milliún ar Bhónas na Nollag a íocadh le faighteoirí scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh nár soláthraíodh sa mheastachán bunúil.<br>• €10.4 milliún i ngeall ar réimse tosca seach-churtha eile.<br><br>Rinneadh an choigilt €60.806 milliún a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun caiteachas breise ar fhotheidil eile a chistiú. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú an Chiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | | |
| 1. | Caiteachais riaracháin a ghnóthú ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 177,280 | 177,600 | 177,280 |
| **Leithreasaí i gcabhair: Eile** | | | | | |
| 2. | Cúnamh Sóisialta a ró-íocadh a ghnothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 32,810 | | | |
| | *Forlíontach* | 20,872 | 53,682 | 56,213 | 36,336 |
| 3. | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar Chúnamh Sóisialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,400 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,480) | 5,920 | 5,470 | 7,309 |
| 4. | Fáltais faoi na forálacha “Dliteanas chun Teaghlach a Choimeád” i gcuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 | | | | |
| | *Bunaidh* | 420 | | | |
| | *Forlíontach* | (70) | 350 | 346 | 409 |
| 5. | Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora | | | | |
| | *Bunaidh* | 480 | | | |
| | *Forlíontach* | (40) | 440 | 454 | 487 |
| 6. | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht dhaoine atá faoi mhíchumas | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,630 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,630) | — | — | — |
| 7. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,900) | 13,100 | 15,167 | 15,503 |
| 8. | Fáltais ón gCiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile (EURES) | | | | |
| | *Bunaidh* | 160 | | | |
| | *Forlíontach* | 159 | 319 | 430 | 425 |
| 9. | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 10 | 7,410 | 7,400 | 7,400 |
| 10. | Fáltais ón mBord Pinsean – aoisliúntas foirne | | | | |
| | *Bunaidh* | 810 | | | |
| | *Forlíontach* | (243) | 567 | 578 | 779 |
| 11. | Fáltais ón Roinn Sláinte – tacaíochtaí an Tascfhórsa Drugaí (Clár Fostaíochta)[1] | | | | |
| | *Bunaidh* | 930 | | | |
| | *Forlíontach* | (930) | — | (10) | 1,028 |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| 12. | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 200 | | | | |
| | *Forlíontach* | 121 | 321 | 321 | | 366 |
| 13. | Gnothú cúnaimh shóisialta ó héilimh árachais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | (74) | 1,926 | 1,999 | | — |
| 14. | Fáltais do sheirbhísí a bhaineann le riarachán an Deontais Chaomhnaithe Uisce | | | | | |
| | *Bunaidh* | 10 | | | | |
| | *Forlíontach* | (10) | — | — | | — |
| 15. | Ilghnéitheach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,460 | | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | 1,160 | 3,650 | | 5,071 |
| — | Faighteoirí ón gCoimisiún Eorpach don Scéim Ráthaíochta don Aos Óg | | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | | |
| | *Forlíontach* | 1,900 | 1,900 | 27 | | 150 |
| — | Fáltais ó chuntais díomhaoine | | — | 907 | | — |
| | **Iomlán** | | **264,375** | **270,552** | | **252,543** |

[1] Aisíocaíocht ar chistí gan chaitheamh chuig an Roinn Sláinte.

**Míniú ar athraithis shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí Leithreasaí i gCabhair €6.177 milliún ní ba mhó ná mar a measadh, arbh ionann sin agus athraitheas 2.3%. Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid a measadh i dtosach de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cúnamh Sóisialta a ró-íocadh a ghnóthú | (2,531) | Bhí ró-íocaíochtaí cúnaimh shóisialta a gnóthaíodh 23.4 milliún ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach báire.<br><br>Is éard is cúis leis seo ná deacrachtaí a bhí le tionchar an athraithe ar chóireáil cuntasaíochta gnóthachain ró-íocaíochta leasa don bhliain 2015 a mheasúnú. Roimhe seo, rinneadh ró-íocaíochtaí a gnóthaíodh trí asbhaint ó theidlíochtaí scéime a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais scéime. Ó 2015 ar aghaidh, caitear le gnóthachain na bliana roimhe sin mar leithreasaí i gcabhair.<br><br>Rinneadh fáltais bhreise €20.872 milliún a ath-leithdháileadh mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh an €2.53 milliún i ró-íocaíochtaí cúnaimh shóisialta a gnóthaíodh chun athraitheas ioncaim agus caiteachais a chistiú in áiteanna eile sa Vóta. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar Chúnamh Sóisialta | 450 | Bhí aisíocaíochtaí ón gCiste Árachais Shóisialaigh a de shuimeanna a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta €3.93 milliún ní ba lú ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo i ngeall ar dheacrachtaí le hioncam a thuar ó na fáltais siúd ar féidir le suimeanna idir €150,000 agus os cionn €1 milliún sa mhí a bheith i gceist leo. Bhí an toradh in 2015 ní ba lú ná mar a soláthraíodh sa mheastachán.<br><br>Rinneadh suim €3.48 milliún a ath-leithdháileadh mar chuid de mheastachán forlíontach i ngeall ar an easnamh ionchasach. Rinneadh an t-easnamh breise €0.45 milliún a aistriú chuig áiteanna eile sa Vóta chun iarmhéid an easnaimh dheiridh a chistiú. |
| Faighteoirí ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas | - | Níor tugadh an meastachán bunúil €3.63 milliún chun críche a bhí le fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas in 2015.<br><br>Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas<br><br>Féadfaidh am suntasach inseolta a fhad le bliain a bheith i gceist idir an tráth a dhéantar éileamh agus a fhaightear aisíocaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Rinneadh éileamh i rith 2015 – ach, i ndiaidh aiseolas a fháil ó údarás bainistíochta CSE, rinneadh éileamh leasaithe i Meitheamh 2016, agus táthar ag súil anois le haisíocaíocht a fháil ó CSE in 2017.<br><br>Rinneadh suim €3.63 milliún a ath-leithdháileadh mar chuid de mheastachán forlíontach i ngeall ar an easnamh ionchasach. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Faighteoirí ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES | (111) | B'ionann fáltais ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES agus €0.27 milliún ní ba mhó ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo i ngeall, go príomha, ar dheacrachtaí a bhí le huainiú fáltas a thuar go cruinn.<br><br>Fuarthas dhá earra in 2015 nár áiríodh leis an meastachán bunúil.<br>(i) Fuarthas suim €0.3 milliún ón gClár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EaSI) maidir le comhpháirtíocht na hÉireann/Thuaisceart Éireann de chuid Sheirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES) chun saoghluaiseacht oibrithe a éascú.<br>(ii) Fuarthas suim €129,064 ón AE maidir le EURES chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar an AE/an LEE. Déanann an Coimisiún Eorpach EURES a eagrú go lárnach agus riarann an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta é sna ballstáit.<br><br>Rinneadh fáltais bhreise thart ar €159,000 a ath-leithdháileadh mar chuid de mheastachán forlíontach. Úsáideadh fáltais bhreise thart ar €111,000 chun athraitheas ioncaim agus caiteachais a chistiú in áiteanna eile sa Vóta. |
| Fáltais ón mBord Pinsean – aoisliúntas foirne | (11) | B'ionann fáltais ón mBord Pinsean – aoisliúntas foirne agus €0.23 milliún ní ba lú ná mar a measadh i dtosach.<br><br>Bhí scor beirt foirne a chuaigh ar scor ón mBord Pinsean i rith 2015 mar chuis leis seo. Rinne seo an méid fáltais mhíosúla aoisliúntais a laghdú.<br><br>Rinneadh suim €0.24 milliún a ath-leithdháileadh mar chuid de mheastachán forlíontach i ngeall ar an easnamh ionchasach. Úsáideadh na fáltais bhreise thart ar €11,000 chun athraitheas ioncaim agus caiteachais a chistiú in áiteanna eile sa Vóta. |
| Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | - | Bhí fáltais a fuarthas maidir leis an Aonad Daoine gan Dídean (costais oibriúcháin agus ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha) €0.12 milliún ní b'airde ná an meastachán bunúil.<br><br>Bhí seo i ngeall ar dheacrachtaí a bhí le huainiú fáltas a thuar go cruinn.<br><br>Rinneadh fáltais bhreise €0.12 milliún a ath-leithdháileadh mar chuid de mheastachán forlíontach. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (2,490) | Bhí fáltais ilghnéitheacha €2.19 milliún ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach.<br><br>Bhí réadú cistí ó dhá fhoinse shonracha nach ndearnadh a bheartú nuair a ullmhaíodh an meastachán bunúil, mar chúis leis seo.<br>(i) €1.9 milliún ó PEIL, clár an AE atá dírithe ar áit níos mealltaí a dhéanamh den AE chun infheistiú agus oibriú ann agus barr feabhais a chur ar eolas agus ar nuálaíocht le haghaidh borrtha agus níos mó post agus poist níos fearr.<br>(ii) aisghabhadh €0.5 milliún maidir leis an bhfoireann a bhí ar iasacht le roinn eile.<br><br>Ath-leithdháileadh suim €0.3 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach. Sháraigh an tsuim a réadaíodh, áfach, an meastachán go suntasach. Aistríodh suim €2.49 milliún chuig áiteanna eile chun athraitheas eile ioncaim agus caiteachais a chistiú laistigh den Vóta. |
| Fáltais ó chuntais díomhaoine | (907) | Níor áiríodh leis an meastachán bunúil soláthar d'aon fháltais ó na cuntais díomhaoine. B'ionann na fáltais a fuarthas, áfach, maidir le Cuntais Díomhaoine, agus €0.9 milliún.<br><br>Bhí an cistiú €0.9 milliún a sholáthair Pobal ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le caiteachas ar oiliúint do chúramóirí faoi thionscnamh na gcúramóirí roimh dheireadh 2015 agus ní raibh súil leis ag tús na bliana.<br><br>Úsáideadh na fáltais €0.9 milliún a fuarthas chun athraitheas ioncaim agus caiteachais a chistiú in áiteanna eile sa Vóta. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 4 | 8 |
| Airgead coinsiasa | 10 | 7 |
| Costais finné | 1 | 2 |
| Fineálacha an Bhoird Phinsean | 14 | 2 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (23) | (15) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 6 | 4 |

# 5 Líon agus Pá Fostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon na Foirne amhail Dheireadh na Bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| Rannóg | 6,473 | 6,551 |
| Gníomhaireachtaí | 123 | 120 |
| | **6,596** | **6,671** |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Luach Saothar gach Baill Fhoirne (An Roinn agus na gníomhaireachtaí)** | **€000** | **€000** |
| Pá | 304,717 | 300,155 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 1,062 | 796 |
| Liúntais eile | 440 | 422 |
| Ragobair | 3,360 | 3,018 |
| ÁSPC Fostóra | 17,689 | 17,294 |
| **Pá Iomlán** | **327,268** | **321,685** |

**5.1 Roinn**

Tagraíonn na socruithe luach saothair seo a leanas le heilimint phá Fotheidil A.1 (i), A.2 (viii), A.2 (ix), A.22 agus A.39.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 297,144 | 293,178 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 1,015 | 739 |
| Liúntais eile | 440 | 422 |
| Ragobair | 3,360 | 3,016 |
| ÁSPC Fostóra | 17,094 | 16,649 |
| **Pá Iomlán** | **319,053** | **314,004** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2015 € | Íocaíocht uasta aonair 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 523 | 15 | 68,593[1] | 18,589 |
| Liúntais eile | 58 | 17 | 12,258 | 13,806 |
| Ragobair | 2,051 | 24 | 15,796 | 17,881 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 3 | 1 | 10,912 | 2,033 |

[1] Fuair beirt fostaithe riaráistí ard-dualgais ní b'airde €50,520 agus €50,323, faoi seach, do bhlianta roimhe seo.

**5.2 Gníomhaireacht**

Baineann an luach saothair a dtagraítear dó thíos leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, leis an Údarás Pinsean agus leis an Ombudsman Pinsean.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 7,573 | 6,977 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 47 | 57 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | — | 2 |
| ÁSPC Fostóra | 595 | 645 |
| **Pá Iomlán** | **8,215** | **7,681** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2015 € | Íocaíocht uasta aonair 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 12 | 1 | 15,263 | 15,556 |
| Liúntais eile | — | — | — | — |
| Ragobair | — | — | — | 971 |

**5.3 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €19,531 le seisear foirne faoi na hAchtanna un Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go dtí 2007

Rinneadh Príomhoifigeach Leighis agus Measúnóir Leighis a bhí ar scor a athfhostú in 2014 ar mhaithe le leas an phobail agus trí iomaíocht oscailte, faoi seach. Leanann siad a bheith athfhostaithe in 2015 agus íocadh tuarastail €129,274 agus €39,326,faoi seach, leo. Cuireadh laghdú pinsin i bhfeidhm.

Fuair ball foirne den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh €11,405 i leith liúntas stiúrthóra.

**5.4 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €3 milliún (1,361 cás) (2014: €1.2 milliún, 756 cás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag 721 cás.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Ró-Íocaíochtaí Leasa a Ghnóthú

B'ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh amhail an 31 Nollaig 2014:

| | 2015 | | 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toradh | | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 1 Eanáir | | 346,205 | | 323,936 |
| Coigeartú[1] | | 8,499 | | — |
| Glanró-íocaíochtaí a taifeadadh | | | | |
| Calaois | 39,915 | | 45,045 | |
| Earráid an éilitheora | 30,057 | | 30,943 | |
| Earráid na Roinne | 1,809 | | 3,146 | |
| Cásanna Eastát | 16,655 | 88,436 | 16,101 | 95,235 |
| | | 443,140 | | 419,171 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh[2] | | (64,682) | | (64,369) |
| Suimeanna a díscríobhadh mar rud do-aisghabhála | | (1,607) | | (8,597) |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig | | 376,851 | | 346,205 |

[1] I mblianta roimhe seo, rinneadh iarmhéid an fhiachais ró-íocaíochta a ríomh ó bhreacadh achomair gan iad a réiteach i dtaobh féichiúnaithe aonair Teastaíonn an coigeartú €8.5 milliún chun iarmhéid tosaigh an fhiachais atá á thabhairt anonn ó chuntas reachtúil Vóta 2014 a ailíniú leis an liosta iarbhír féichiúnaithe a cuireadh i dtaifead ón CCFF an 1 Eanáir 2015.

[2] Áirítear leis an méid a aisghabhadh

- Rinneadh €56.2 milliún a bhreacadh le hioncam maidir le fiachas na bliana roimhe seo (aisghabhálacha airgid thirim: €31 milliún agus asbhaintí a siarchoinníodh: €25.2 milliún)
- Rinneadh €8.5 milliún a bhreacadh i gcoinne caiteachais maidir le fiachas na bliana reatha (airgead tirim: €5.3 milliún agus asbhaintí a siarchoinníodh: €3.2 milliún)

**6.2 Costais Dlí**

| | Líon cásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a rinneadh a dhámhachtain | Cúiteamh a rinneadh a dhámhachtain | 2015 Iomlán | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag Fostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobhálacha Pearsanta[1] | 22 | 62 | 101 | 361 | 524 | 64 |
| Sárú ar Bheartais Acmhainní Daonna/Fostaíochta[2] | 4 | 5 | 23 | 19 | 47 | 1 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Díobhálacha Pearsanta[3] | 11 | 52 | 53 | 115 | 220 | 159 |
| Scéimeanna na Roinne[4] | 501 | 218 | 199 | 3,459 | 3,876 | 2,368 |
| Ilghnéitheach[5] | 4 | 197 | 89 | 47 | 333 | 159 |
| | | 534 | 465 | 4,001 | 5,000 | 2,751 |

[1] Bhí íocaíochtaí idir €92 agus €178,495.

[2] Bhí íocaíochtaí idir €32 agus €36,606. Bhain na cásanna le sárú ar shonraí pearsanta, dífhostú éagórach, idirdhealú faoin reachtaíocht um dhínit ag an obair agus le clúmhilleadh faoi bheartas um thimpeallacht dhearfach oibre

[3] Bhí íocaíochtaí idir €32 agus €96,944.

[4] Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia, íocaíochtaí um chaillteanas cumhacht cheannaigh agus íocaíochtaí costais dlí a mhéid le €94,642 maidir le Liúntas Cúramóra, Liúntas Cuardaitheora Poist, íocaíocht bhunúsach Liúntas Leasa Forlíontach, Sochar Linbh, Saorthaisteal, JobBridge, íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach), Neachtlanna Magdalen agus institiúidí eile agus Oifig an Ombudsman do Phinsin.

[5] Bhí íocaíochtaí idir €15 agus €196,627. Bhain na cásanna le teidlíochtaí pinsin, leasú an chláir bhreitheanna, soláthairtí sláinteachais agus conradh fostaíochta.

**6.3 Cistí an AE**

Fuarthas cistiú €1.9 milliún ón AE maidir leis an gclár ESF (Ciste Sóisialta na hEorpa) maidir le hInfhostaíocht, Cuimsiú agus Foghlaim. Is éard é an ESF ná ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean an ESF cuidiú le dífhostaíocht a chosc agus a throid, chun chur ar churmas lucht saothair agus cuideachtaí na hEorpa a bheith feistithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus chun cosc a chur ar dhaoine teagmháil a chailliúint leis an margadh saothair.

Fuarthas iomlán de €300,817 ón gclár EaSI (Fostaíocht agus Núálacht Shóisialta) i ndáil le Comhpháirtíocht Éire / Thuaisceart Éireann EURES (Seirbhísí Fostaíochta na hEorpa) d'fhonn saorghluaiseacht oibrithe arna eagrú go lárnach ag an gCoimisiún Eorpach agus arna riaradh sna ballstáit ag an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí.

Fuarthas €129,064 ón AE maidir le EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar an AE/an LEE. Déanann an Coimisiún Eorpach EURES a eagrú go lárnach agus riarann an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta é sna ballstáit.

Fuarthas €27,290 in iomlán ón AE maidir le Tionscadal Ráthaíochta d'Aos Óg Bhaile Munna (BYG). Is tionscadal é RAOBM atá maoinithe faoi thionscnamh suaitheanta de chuid an AE a seoladh i Mí Mheán Fómhair 2010, 'An Óige ag Gluaiseacht', a thacaíonn le rochtain ar fhostaíocht do dhaoine dífhostaithe idir aois 18 agus 24 bliana trí rochtain ar ghairmthreoir, ar oideachas, ar chláir oiliúna agus ar thaithí oibre. Tá an tionscadal ar cheann de shé thionscadal déag atá á reáchtáil faoi láthair i mBallstáit éagsúla an AE.

Fuarthas cistiú €3,302 ón AE maidir le hUachtaránacht an AE. Íocaíocht dheireadh gan íoc a bhí sa tsuim sin chun na costais a bhain le cruinniú ceannairí PES (Seirbhísí Poiblí Fostaíochta) arna eagrú ag Uachtaránacht Chomhairle na hÉireann a chlúdach in 2013.

**6.4 Mí-Leithreasú Féideartha**

Bhí cás amháin de mhí-leithreasú féideartha d'airgead poiblí ag fostaithe ann ar a raibh luach measta €6,735. Tharla an cás mí-leithreasú féideartha sin sa tréimhse Lúnasa 2011 go Bealtaine 2012.

**6.5 Ús ar Íocaíocht Dhéanach**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis atá dlite | 8,209 | 9,841 |
| Faighteoirí €10,000 nó níos mó | — | — |

**6.6 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá baint ag an Roinn seo le líon imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

**6.7 Díscríobh**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas i rith na bliana:

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an Chuntais Fionraí re: OPW | 95 | — |
| Iarmhéid an Chuntais Fionraí re: Mionairgead | 1 | — |
| | 96 | — |

## Iarscríbhinn
## An Roinn Coimirce Sóisialaí
## Achoimre ar Chaiteachas Cláir

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Ollchaiteachas Vóta 37** | 11,586 | 12,071 |
| | | |
| ***Lúide caiteachas neamhscéime:*** | | |
| Riaracháin | (490) | (470) |
| Fóirdheontas SIF | (119) | (542) |
| Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (46) | (45) |
| Deontas le hOifig an Ombudsman do Phinsin | (1) | (1) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (6) | (3) |
| **Caiteachas scéime Vóta 37** | **10,924** | **11,010** |
| | | |
| **Ollchaiteachas SIF** | **8,980** | **8,771** |
| | | |
| ***Lúide caiteachas neamhscéime:*** | | |
| Riarachán | (271) | (271) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (364) | (338) |
| **Caiteachas scéime SIF** | **8,345** | **8,162** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne** | **19,269** | **19,172** |

**Miondealú ar Chaiteachas Scéime**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire** | | |
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit | 5,450 | 5,214 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,430 | 1,378 |
| Deontas Méala | 1 | 4 |
| **Iomlán** | **6,880** | **6,596** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Ioncaim Aois Oibre** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,742 | 2,923 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 670 | 867 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 387 | 420 |
| Iomarcaíocht agus Sochar Dócmhainneachta | 43 | 88 |
| Sochar Máithreachais | 260 | 270 |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 92 | 82 |
| Cúnamh Feirme | 88 | 94 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 77 | 79 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim | 43 | 44 |
| Liúntas Réamhscoir | 16 | 24 |
| Sochair Chóireála | 30 | 29 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | 16 | 16 |
| Liúntas Bachéile Thréigthe | 2 | 3 |
| Sochar Uchtála | 1 | - |
| Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **4,468** | **4,940** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Forlíonadh Cíosa | 311 | 338 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 221 | 232 |
| Liúntas Breosla | 216 | 218 |
| Saorthaisteal | 75 | 75 |
| Forlíonadh Ús Morgáiste | 12 | 21 |
| **Iomlán** | **835** | **884** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Fostaíochta Aois Oibre** | | |
| Cláir Fostaíochta | 365 | 359 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 144 | 163 |
| An Liúntas um Fhilleadh ar Obair | 129 | 119 |
| An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | 14 | — |
| Scéim Socrúchán Oibre Pobail TÚS | 125 | 116 |
| JobBridge – An Scéim Intéirneachta Náisiúnta | 63 | 76 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | 88 | 75 |
| Clár Seirbhísí Pobail | 43 | 43 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 44 | 44 |
| Gateway | 30 | 7 |
| Tionscnamh Post | 22 | 23 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 11 | 10 |
| **Iomlán** | **1,078** | **1,035** |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,282 | 1,238 |
| Sochar Breoiteachta | 620 | 626 |
| Pinsean Easláinte | 649 | 652 |
| Íocaíocht Cúramóra | 641 | 583 |
| Deontas Cúram Faoisimh | 125 | 118 |
| Liúntas Cúram Baile | 121 | 111 |
| Sochar Míchumais | 77 | 77 |
| Pinsean na nDall | 14 | 14 |
| Sochar Díobhála | 17 | 17 |
| **Iomlán** | **3,546** | **3,436** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 1,990 | 1,902 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 368 | 298 |
| Liúntas éadaí agus coisbhirt chun filleadh ar scoil | 41 | 42 |
| Béilí Scoile | 39 | 17 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 24 | 22 |
| **Iomlán** | **2,462** | **2,281** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar gach Scéim** | **19,269** | **19,172** |